2024/2143

9.8.2024

MOLADH (AE) 2024/2143 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Iúil 2024

lena leagtar síos treoirlínte maidir le léirmhíniú Airteagal 3 de Threoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 5284)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] tugadh isteach ceanglas chun an phríomhsprioc coigilteas fuinnimh 32,5 % ar a laghad ar leibhéal an Aontais a bhaint amach faoi 2030.

(2) Glacadh Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2] an 13 Meán Fómhair 2023. Rinneadh Treoir 2012/27/AE a athmhúnlú léi, agus cuid dá forálacha a choinneáil gan athrú agus, an tráth céanna, ceanglais nua a thabhairt isteach. Go háirithe, ardaíodh go mór léi an leibhéal uaillmhéine le haghaidh 2030 i dtéarmaí éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear i ndáil le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh.

(3) Sainmhínítear bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh i Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3] agus is dlúthchuid de Straitéis an Aontais Eorpaigh um Chomhtháthú Córas Fuinnimh é [4]. Le Treoir (AE) 2023/1791 neartaítear an prionsabal agus, den chéad uair, leagtar síos coinníollacha maidir lena chur i bhfeidhm praiticiúil.

(4) Chun an tionchar inmhianaithe a imirt, ní mór do chinnteoirí náisiúnta, réigiúnacha, áitiúla, agus earnála bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach cás ábhartha agus i gcinntí beartais, pleanála agus mórinfheistíochta – is é sin le rá infheistíochtaí mórscála ar mó a luach ná EUR 100 000 000 an ceann nó EUR 175 000 000 i gcás tionscadail bonneagair iompair – a mbíonn tionchar acu ar thomhaltas nó soláthar fuinnimh. Dá bhrí sin, ní mór an prionsabal a chur i bhfeidhm sna hearnálacha fuinnimh agus neamhfhuinnimh araon.

(5) Mar sin féin, d'fhéadfadh na Ballstáit cur i bhfeidhm an phrionsabail a leathnú, mar shampla trí na tairseacha thuasluaite a ísliú nó trí thairseacha níos ísle a shocrú i gcás earnálacha agus cineálacha tionscadail sonracha, má mheasann siad nach mbainfí leas as acmhainneacht shuntasach éifeachtúlachta fuinnimh i gcás na n-earnálacha agus na gcineálacha tionscadail sin.

(6) Chun an prionsabal a chur i bhfeidhm go cuí, ní mór modheolaíocht cheart na hanailíse costais is tairbhe a úsáid le haghaidh sraith níos leithne tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil, coinníollacha cumasúcháin a leagan síos le haghaidh réitigh atá tíosach ar fhuinneamh agus faireachán cuí ar chur i bhfeidhm an phrionsabail a chumasú trí eintiteas nó eintitis atá freagrach as an bhfaireachán sin i ngach Ballstát a shainaithint. Maidir le

[1] Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/27/oj).

[2] Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (IO L 231, 20.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/1791/oj).

[3] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj).

[4] Bunaithe sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún *Powering a climate-neutral economy: An EU Strategy for Energy System Integration* [Geilleagar aeráidneodrach a chumhachtú: Straitéis de chuid an Aontais um Chomhtháthú Córais Fuinnimh], COM(2020) 299 final.

modheolaíochtaí anailíse costais is tairbhe, ba cheart iad a fhorbairt agus a dhéanamh go córasach, ba cheart iad a bheith bunaithe ar an bhfaisnéis is déanaí maidir le praghsanna fuinnimh agus ba cheart cásanna maidir le hardú praghsanna a chur san áireamh iontu, amhail de bharr chur i bhfeidhm agus leathnú chóras trádála astaíochtaí an Aontais (CTA AE) de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), chun dreasacht a sholáthar bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm.

(7) Ba cheart tús áite a thabhairt don tsolúbthacht agus do réitigh ar thaobh an éilimh atá níos costéifeachtaí ná infheistíochtaí i mbonneagar an tsoláthair fuinnimh chun cuspóirí beartais a bhaint amach. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar na tionchair ar an mbochtaineacht fuinnimh. Ba cheart do na Ballstáit na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an tsolúbthacht ar thaobh an éilimh a chur san áireamh agus bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh á chur i bhfeidhm acu agus, i gcás inarb ábhartha, freagairt don éileamh ar leibhéal láraithe agus leibhéal dílláraithe araon, stóráil fuinnimh, agus réitigh chliste a chur san áireamh mar chuid dá n-iarrachtaí éifeachtúlacht fuinnimh an chórais chomhtháite fuinnimh a mhéadú.

(8) Tá lánrogha ag na Ballstáit maidir leis an mbealach is fearr a oireann dá gcúinsí náisiúnta chun na ceanglais maidir le seirbhísí fuinnimh a thrasuí agus a chur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, bheadh sé inmholta forálacha ábhartha Threoir (AE) 2023/1791 a léirmhíniú ar bhealach comhsheasmhach a rannchuideodh le tuiscint chomhleanúnach ar Threoir (AE) 2023/1791 ó Bhallstát go chéile agus iad ag ullmhú a mbeart trasuite.

(9) I Moladh (AE) 2021/1749 ón gCoimisiún ([6]), go háirithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis, tá treoirlínte agus samplaí ábhartha maidir le cur chun feidhme bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh sa chinnteoireacht san earnáil fuinnimh agus níos faide i gcéin.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

1. Ba cheart do na Ballstáit na treoirlínte léirmhínitheacha atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo a leanúint agus Airteagal 3 de Threoir (AE) 2023/1791 á thrasuí ina ndlí náisiúnta.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Kadri SIMSON
Comhalta den Choimisiún

([5]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim trádála lamháltas um astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).

([6]) Moladh (AE) 2021/1749 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2021 maidir le Bunphrionsabal na hÉifeachtúlachta Fuinnimh: ó phrionsabail go cleachtas — Treoirlínte agus samplaí dá chur chun feidhme sa chinnteoireacht san earnáil fuinnimh agus níos faide i gcéin (IO L 350, 4.10.2021, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2021/1749/oj).

IARSCRÍBHINN

1. **Réamhrá**

Leis na treoirlínte seo, tugtar treoir do na Ballstáit maidir le conas Airteagal 3 de Threoir (AE) 2023/1791 a léirmhíniú agus é á thrasuí ina ndlí náisiúnta. Mar sin féin, is inniúlacht eisiach de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh é léirmhíniú ceangailteach reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.

Le hAirteagal 3 de Threoir (AE) 2023/1791, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar measúnú ar réitigh éifeachtúlachta fuinnimh i gcinntí pleanála, beartais agus mórinfheistíochta sna hearnálacha fuinnimh agus neamhfhuinnimh araon. Ceanglaítear leis an Airteagal freisin sásraí faireacháin a bhunú, modheolaíochtaí costais is tairbhe a chur chun cinn, agus bacainní ar chur chun feidhme Bhunphrionsabal na hÉifeachtúlachta Fuinnimh a bhaint. Ba cheart réitigh éifeachtúlachta fuinnimh dul níos faide ná coigilteas fuinnimh críochúsáide, lena gcumhdófaí freisin acmhainní ar thaobh an éilimh (freagairt don éileamh, stóráil fuinnimh, réitigh chliste) agus tiontú, tarchur agus dáileadh éifeachtúil fuinnimh. Meastar go ndéanfaidh na Ballstáit, trí Threoir 2023/1791 a thrasuí, bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a ionchorprú ina bpróisis chinnteoireachta agus cheadúcháin agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm é i ngach cinneadh pleanála, beartais agus mórinfheistíochta ábhartha amach anseo.

2. **Comhthéacs Dlíthiúil agus Beartais**

Bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán (AE) 2018/1999, tá sé bunaithe ar an mbonn gur féidir le hinfheistíochtaí straitéiseacha in éifeachtúlacht fuinnimh an t-éileamh a laghdú go costéifeachtach, rud a laghdaíonn an gá atá le táirgeadh breise fuinnimh agus le bonneagar breise fuinnimh, agus na costais a bhaineann leo.

Mar a luaitear in aithris (15) de bhrollach Threoir (AE) 2023/1791, *'is prionsabal uileghabhálach é bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh ar cheart é a chur san áireamh ar fud na n-earnálacha uile […]. Ba cheart réitigh éifeachtúlachta fuinnimh a mheas mar an chéad rogha i gcinntí beartais, pleanála agus infheistíochta, agus rialacha nua á leagan síos ar thaobh an tsoláthair agus i réimsí beartais eile.'*

Le Moladh (AE) 2021/1749, atá ábhartha d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2023/1791, leagtar amach uirlisí agus gníomhaíochtaí sonracha chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme. Le hAirteagal 3(3) de Threoir (AE) 2023/1791, moltar do na Ballstáit an moladh sin a chur san áireamh.

Tá Airteagal 3 idirnasctha le hAirteagal 7 de Threoir (AE) 2023/1791 lena gceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh i bhfeidhm, agus conarthaí poiblí agus lamháltais lena ngabhann luach atá cothrom leis na tairseacha nó níos mó ná na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 8 de Threoir 2014/23/AE ([1]), Airteagal 4 de Threoir 2014/24/AE ([2]) agus Airteagal 15 de Threoir 2014/25/AE ([3]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á dtabhairt i gcrích acu.

Tá Airteagal 3 idirnasctha freisin le hAirteagal 27 de Threoir (AE) 2023/1791 ar dá bhun nach mór do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin gáis agus leictreachais bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh i bhfeidhm ina gcinntí maidir le pleanáil líonraí, forbairt líonraí agus infheistíocht. Le hAirteagal 27 ceanglaítear freisin ar údaráis rialála náisiúnta fuinnimh bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm agus na cúraimí rialála dá bhforáiltear i dTreoracha 2009/73/CE ([4]) agus (AE) 2019/944 ([5]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á ndéanamh acu maidir lena gcinntí i ndáil le hoibriú an bhonneagair gáis agus leictreachais, lena n-áirítear a gcinntí maidir le taraifí líonra.

([1]) Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/23/oj).

([2]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/24/oj).

([3]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir leis an soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/25/oj).

([4]) Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/73/oj).

([5]) Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj).

3. TÉARMAÍ AGUS COINCHEAPA A ÚSÁIDTEAR SNA TREOIRLÍNTE SEO AGUS IN AIRTEAGAL 3 DE THREOIR (AE) 2023/1791

3.1. Difríochtaí idir cinntí pleanála, beartais agus mórinfheistíochta

Ní dhéantar idirdhealú soiléir i dTreoir (AE) 2023/1791 ná i Moladh (AE) 2021/1749 idir cinntí pleanála, beartais agus mórinfheistíochta. Tá na sainmhínithe seo a leanas bunaithe ar bhreithnithe sheirbhísí an Choimisiúin agus is mar léiriú amháin a thugtar iad. Tá achoimre i dTábla 1 ar shaintréithe cinntí pleanála, beartais agus mórinfheistíochta.

Tábla 1

Comparáid idir cinntí pleanála, beartais agus mórinfheistíochta

An Cineál Cinnidh	Tuairisc	Samplaí	Príomhbhreithniú
Cinntí pleanála	Roghanna straitéiseacha ardleibhéil maidir le córais fuinnimh agus earnálacha neamhfhuinnimh, ag díriú ar threochtaí, indéantacht, agus meastóireacht ar réitigh fuinnimh.	Pleanáil phoiblí: pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1999 ([1]); pleananna forbartha líonra 10 mbliana; pleanáil iompair náisiúnta; pleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe; pleananna téimh agus fuaraithe áitiúla dá dtagraítear in Airteagal 25, mír 6 de Threoir (AE) 2023/1791 Pleanáil phríobháideach: pleanáil straitéiseach gnó; pleanáil réadmhaoine; pleanáil flít	Ní gá go mbeadh gealltanais shonracha airgeadais i gceist le tionscadail.
Cinntí beartais	Forbairt, athbhreithniú agus cur chun feidhme beartas a bhfuil tionchar mór acu ar thomhaltas fuinnimh agus forbairt, athbhreithniú agus cur chun feidhme rialachán ag na rialtais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla	Scéimeanna maoinithe; dearadh agus rialáil an mhargaidh fuinnimh: caighdeáin agus noirm; cánacha fuinnimh agus CO_2; bearta faisnéise agus feasachta.	A áirithiú go bhfuil na beartais atá ann cheana agus beartais nua i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh.
Cinntí mórinfheis-tíochta	Tiomantas do thionscadail shonracha aonair a bhfuil impleachtaí coincréiteacha airgeadais ag baint leo.	Bonneagar líonra; líne idirnascaire tarchurtha leictreachais; feirm ghaoithe mhórscála amach ón gcósta; acmhainneachtaí táirgthe hidrigine, stóráil fuinnimh mhórscála, tionscadal forbartha foirgneamh, bonneagar nua nó leathnaithe le haghaidh aeriompair, mórbhealaí nua.	Tionscadail inláimhsithe ag a bhfuil acmhainní airgeadais leithdháilte.

([1]) Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj).

3.2. **Caiteachas a thagann faoi chinntí mórinfheistíochta**

Bíonn caiteachas caipitiúil (CAPEX) i gceist le cinneadh mórinfheistíochta maidir le sócmhainn fhisiceach, bíodh sí bainteach le córais fuinnimh nó le hearnálacha neamhfhuinnimh. Áirítear leis sin costais a bhaineann le sócmhainní fisiceacha a fháil nó a uasghrádú, amhail innealra nó trealamh a cheannach, talamh a fháil, agus costais a bhaineann leis an mbonneagar a thógáil nó a shuiteáil. D'fhéadfaí a chuimsiú leis sin freisin costais deartha agus innealtóireachta, ceadanna, agus costais oiliúna tosaigh chun an trealamh nua nó an bonneagar nua a oibriú. Is costais tosaigh iad sin lena soláthraítear luach thar thréimhse fhada ama.

Eisiatar ó na hinfheistíochtaí tosaigh sin an speansas oibriúcháin (OPEX), arb é atá i gceist leis sin na costais leanúnacha a bhaineann le táirge, gnó nó córas a reáchtáil. I gcomhthéacs tionscadail bonneagair, d'áireofaí le OPEX costais fuinnimh, gnáthchothabháil agus gnáthdheisiúcháin, costais phearsanra, agus speansas eile a bhaineann le hoibriú laethúil an bhonneagair. Ní chuirtear iad sin san áireamh de ghnáth sa chinneadh infheistíochta tosaigh toisc gur costais athfhillteacha iad, ar costais inathraitheacha iad go minic a thabhaítear as oibriú iarbhír na sócmhainne tar éis í a shuiteáil agus a bheith in úsáid.

Ní áirítear i dTreoir (AE) 2023/1791 aon sonraíocht maidir le cé acu is gá nó nach gá CAPEX agus/nó OPEX a mheas chun cinntí mórinfheistíochta a shainiú. Dá bhrí sin, ba cheart gach speansas ábhartha – bíodh CAPEX, OPEX nó aon chineál eile i gceist – a chur san áireamh.

3.3. **Tionscadail bhonneagair chéimnithe i gcomhthéacs cinntí mórinfheistíochta**

Maidir le tionscadail bhonneagair chéimnithe, amhail tógáil feirmeacha gaoithe nó mórbhealaí, ba cheart caitheamh leo mar chinneadh infheistíochta aonair agus ba cheart CAPEX iomlán le haghaidh na gcomhpháirteanna uile a chur san áireamh chun a chinneadh an sáraíonn an tionscadal na tairseacha mórinfheistíochta a leagtar amach in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2023/1791.

Mar shampla, cé go bhféadfadh gach tuirbín gaoithe laistigh d'fheirm ghaoithe cumhacht a ghiniúint agus a sholáthar go neamhspleách, is cinneadh infheistíochta aonair é tionscadal iomlán na feirme gaoithe. Ar an gcuma chéanna, ba cheart tionscadal tógála mórbhealaigh ilbhliantúil a mheas ina iomláine maidir le meastóireacht infheistíochta, gan beann ar cé acu is féidir nó nach féidir le codanna aonair oibriú go neamhspleách.

3.4. **Earnálacha neamhfhuinnimh**

Is éard atá i gceist leis na hearnálacha neamhfhuinnimh na réimsí sin den gheilleagar nach ndéileálann go príomha le táirgeadh, tarchur, dáileadh nó díol fuinnimh. Sna na hearnálacha sin, cé go dtomhlaítear fuinneamh agus cé go mbraitear ar fhuinneamh iontu dá n-oibríochtaí, níl a bpríomhfheidhm dírithe ar tháirgeadh ná ar sholáthar fuinnimh. Le hAirteagal 3(1) de Threoir (AE) 2023/1791, soláthraítear liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí d'earnálacha neamhfhuinnimh, lena n-áirítear foirgnimh, iompar, uisce, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, talmhaíocht agus an earnáil airgeadais.

De réir mhodheolaíocht Eurostat maidir le cothromaíocht fuinnimh ([6]), d'fhéadfaí earnálacha neamhfhuinnimh a thuiscint mar na hearnálacha sin a bhfuil baint acu le tomhaltas fuinnimh deiridh (cód Eurostat FC_E). Áirítear leis na hearnálacha sin an earnáil tionsclaíochta (FC_IND_E), an earnáil iompair (FC_TRA_E), agus earnálacha eile (FC_OTH_E), amhail seirbhísí tráchtála & poiblí, teaghlaigh, an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht, agus an iascaireacht. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí an liosta táscach in Airteagal 3(1) a ailíniú freisin le hearnálacha críochúsáide fuinnimh Eurostat, nó le grúpáil náisiúnta d'earnálacha críochúsáide fuinnimh.

4. **OIBLEAGÁIDÍ FAOI AIRTEAGAL 3**

4.1. **Cad iad na réitigh éifeachtúlachta fuinnimh a bhfuil measúnú le déanamh orthu?**

D'fhéadfaí réitigh éifeachtúlachta fuinnimh a thuiscint mar theicneolaíochtaí, próisis agus cleachtais lena laghdaítear nó lena n-aistrítear le himeacht ama an méid fuinnimh is gá chun an leibhéal céanna feidhmíochta, seirbhíse nó earraí a sholáthar. Fágann Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhar le hAirteagal 3(1) de Threoir (AE) 2023/1791 go bhféadfaí an méid seo a leanas a bheith i measc na réiteach sin:

(a) **coigilteas fuinnimh críochúsáide**, amhail insliú agus feabhsuithe eile coigilte fuinnimh ar fhoirgnimh, aistriú módach, feithiclí atá éifeachtúil ó thaobh breosla de, fearais agus gairis coigilte fuinnimh, mótarchórais éifeachtúla agus aisghabháil teasa, ach gan a bheith teoranta dóibh sin;

([6]) An Coimisiún Eorpach, *Energy balance guide, Methodology guide for the construction of energy balances & Operational guide for the energy balance builder tool* [Treoir maidir leis an gcothromaíocht fuinnimh, Treoir mhodheolaíochta maidir le cothromaíochtaí fuinnimh a thógáil & Treoir oibríochtúil maidir le huirlis tógála na cothromaíochta fuinnimh], 2019.

(b) **acmhainní ar thaobh an éilimh agus solúbthachtaí córais**, a bhféadfadh gnéithe amhail freagairt don éileamh, stóráil fuinnimh (lena n-áirítear ceallraí agus teirmeastóráil), agus réitigh chliste (mar shampla, méadair chliste, teirmeastait chliste) a bheith i gceist leo;

(c) **tiontú, tarchur agus dáileadh éifeachtúil fuinnimh**, lena n-ionchorpraítear cineálacha cur chuige amhail caillteanais líonra a laghdú, eangacha chliste a imscaradh, agus téamh agus fuarú ceantair éifeachtúil.

Le hAirteagal 3(1) ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndéantar measúnú ar réitigh éifeachtúlachta fuinnimh i gcinntí pleanála, beartais agus mórinfheistíochta, i gcás ina bhfuil na réitigh sin ar fáil agus inar féidir leo an riachtanas sonrach céanna nó an cuspóir beartais céanna a chomhlíonadh. D'fhéadfadh na Ballstáit, mar shampla, staidéir faoi acmhainneacht coigiltis fuinnimh a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta, agus catalóga cothrom le dáta de réitigh éifeachtúlachta fuinnimh a chur ar fáil do phleanálaithe agus d'infheisteoirí. Soláthraítear sna táblaí seo a leanas roinnt samplaí de roghanna malartacha nó réitigh chomhlántacha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le pleananna le haghaidh forbairtí bonneagair breise i gcórais fuinnimh (Tábla 2) agus in earnálacha neamhfhuinnimh (Tábla 3) faoi seach. Ní liostaí uileghabhálacha iad.

Tábla 2

Samplaí de roghanna malartacha sa chóras fuinnimh agus bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh á chur i bhfeidhm

Earnáil	Pleananna maidir le forbairt bonneagair bhreise	Roghanna malartacha/réitigh chomhlántacha a d'fhéadfadh a bheith ann
Leictreachas	— giniúint (gléasraí cumhachta traidisiúnta agus in-athnuaite, gléasraí comhghiniúna) — tarchur agus dáileadh (línte tarchuir ardvoltais, fostáisiúin, idirnascairí, claochladáin, etc.) — stóráil (hidreastóráil phumpála, stóráil ceallraí, etc.)	— solúbthacht ar thaobh an éilimh/freagairt don éileamh (mar shampla, bainistiú ar an éileamh ar fheithiclí leictreacha, luchtú freagrúil/déthreoch, teaschaidéil sholúbtha, taraifí fuinnimh am úsáide agus seirbhísí le haghaidh chomhiomlánú na freagartha don éileamh) — teicneolaíochtaí eangaí cliste, lena n-áirítear ardbhonneagar méadraithe — coigilteas fuinnimh críochúsáide (mar shampla, fearais agus gairis éifeachtúla, soilsiú)
Gás	— táirgeadh (gáischeantair, ardáin amach ón gcósta, láithreáin eastósctha gáis scealla, bonneagar hidrigine) — tarchur agus dáileadh (píblínte, stáisiúin chomhbhrúiteora, idirnascairí) — stóráil (saoráidí stórála gáis faoi thalamh, críochfoirt gáis nádúrtha leachtaithe)	— coigilteas fuinnimh críochúsáide (mar shampla, insliú foirgneamh) — leictriú córas téimh agus modhanna iompair (a bhfuil tairbhí bunúsacha éifeachtúlachta córais ag baint leo) — laghdú ar chaillteanais líonra
Teas	— giniúint (coirí traidisiúnta, oighinn, comhghiniúint) — líonraí (píopaí, teasmhalartóirí, caidéil, fostáisiúin) — stóráil (teirmeastóráil, ábhair athraithe céime, etc.)	— coigilteas fuinnimh críochúsáide (mar shampla, insliú foirgneamh) — comhtháthú an chórais agus éifeachtúlacht an chórais (mar shampla, cumhacht go teas) — foinsí fuinnimh in-athnuaite (mar shampla, teaschaidéil, fuinneamh geoiteirmeach, grianfhuinneamh teirmeach) — aisghabháil dramhtheasa — téamh ceantair in-athnuaite

Tábla 3

Samplaí de roghanna malartacha sna hearnálacha neamhfhuinnimh agus bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh á chur i bhfeidhm

An earnáil neamhfhuinnimh	Pleananna maidir le forbairt bonneagair bhreise	Roghanna malartacha/réitigh chomhlántacha a d'fhéadfadh a bheith ann
Foirgnimh	— tógáil mhórscála (mar shampla, foirgnimh thráchtála, coimpléisc chónaithe, saoráidí poiblí amhail scoileanna) lena mbaineann cinntí maidir le córais téimh, aerála agus aerchóirithe	— athchóirithe fuinnimh ar fhoirgnimh atá ann cheana — mapáil na bhfoirgneamh atá ar fáil (neamhúsáidte) roimh thógálacha nua — tógáil atá tíosach ar fhuinneamh (lena n-áirítear foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh, foirgnimh astaíochtaí nialasacha) — córais uathoibrithe agus rialaithe foirgnimh (mar shampla, teirmeastait chliste, braiteoirí áitíochta) — córais téimh éifeachtúla (mar shampla, teaschaidéail, téamh ceantair) — réitigh fuaraithe éighníomhaigh (mar shampla, scáthú gréine, mais theirmeach, fuarú oíche, aeráil nádúrtha agus soilsiú) — soilsiú agus fearais atá tíosach ar fhuinneamh — comhtháthú fuinnimh in-athnuaite (mar shampla, fuinneamh fótavoltach, grianfhuinneamh teirmeach) — athrú iompraíochta a spreagadh maidir le fuinneamh a úsáid — córais luchtaithe chliste
Iompar	— mórbhonneagair iompair (mar shampla, mótarbhealaí, iarnróid, aerfoirt, calafoirt agus bonneagar muirí)	— iompar poiblí (mar shampla, córais oll-idirthurais uirbeacha agus fho-uirbeacha, naisc iarnróid idirchathracha, flíteanna busanna) — bonneagar rothaíochta agus coisithe (mar shampla, lánaí rothar, córais roinnte rothar) — comhdhlúthú lasta — bainistiú soghluaisteachta (mar shampla, cláir roinnte carranna, líon níos airde paisinéirí feithicle a spreagadh) — tacaíocht d'iompar ilmhódach (traschórais) — bearta lena spreagtar úsáid níos mó a bhaint as modhanna iompair atá tíosach ar fhuinneamh — leictriú flít — bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha

Tionscal	— láithreáin thionsclaíocha nua a thógáil — úsáid a bhaint as breoslaí nua agus as próisis nua a thomhlaíonn fuinneamh	— comhtháthú agus braisliú éifeachtúil na n-earnálacha tionsclaíochta a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil — oibriú solúbtha trí fhreagairt don éileamh agus trí fhéintomhaltas — dramhtheas agus dramhfhuacht a athúsáid — leictriú agus úsáid 'gan aiféala' breoslaí fuinnimh
Uisce	— soláthar uisce (mar shampla, saoráidí díshalannaithe) — gléasraí cóireála fuíolluisce — líonraí dáileacháin uisce (mar shampla, píopaí, stáisiúin chaidéalaithe)	— coigilteas uisce (mar shampla, cleachtais talmhaíochta atá tíosach ar uisce) — caidéil, mótair agus saoráidí cóireála atá tíosach ar fhuinneamh — laghdú ar chaillteanais líonra — líonraí uisce cliste agus córais bainistíochta brú — uisce báistí agus uisce liath a úsáid i bhfoirgnimh
Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC)	— lárionaid sonraí (mar shampla, úsáid fuinnimh le haghaidh ríomhaireachta, fuarú) — bonneagar teileachumarsáide (mar shampla, líonraí leathanbhanda, córais mhóibíleacha)	— dearadh agus oibriú ionad sonraí atá tíosach ar fhuinneamh (lena n-áirítear aisghabháil dramhtheasa) — trealamh líonraithe atá tíosach ar fhuinneamh — teicneolaíochtaí eangaí cliste agus réitigh dhigiteacha le haghaidh bainistiú fuinnimh
Talmhaíocht	— córais uiscithe (mar shampla, aisréadóirí dromchla) — innealra agus trealamh feirme (mar shampla, comhbhuainteoirí, tarracóirí) — tithe gloine, feirmeacha ingearacha	— an rogha barr a chur in oiriúint don aeráid áitiúil, agus an t-athrú aeráide á chur san áireamh — cleachtais talmhaíochta lena gcuirtear teorainn leis an ngá atá le hinnealra agus trealamh (mar shampla, buantalmhaíocht) — uisciú atá tíosach ar fhuinneamh (mar shampla, caidéil ghrianchumhachtaithe) — talmhaíocht bheacht (mar shampla, innealra faoi threoir GPS) — úsáid fuinnimh in-athnuaite (mar shampla, griantriomú, grianphainéil)

4.2. **Conas measúnú a dhéanamh ar réitigh éifeachtúlachta fuinnimh?**

Trí mheasúnú a dhéanamh ar réitigh éifeachtúlachta fuinnimh i gcinntí beartais, pleanála nó mórinfheistíochta, ciallaíonn sé gur cheart réitigh den sórt sin a bhreithniú agus measúnú a dhéanamh orthu mar chuid den phróiseas cinnteoireachta. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh in úsáid na hanailíse costais is tairbhe chun measúnú a dhéanamh ar réitigh éifeachtúlachta fuinnimh:

(a) **anailís theicniúil**: na ceanglais maidir le hindéantacht theicniúil, feidhmíocht agus cur chun feidhme na réiteach éifeachtúlachta fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu. D'fhéadfaí a áireamh sna breithnithe ag an gcéim seo acmhainneacht coigiltis fuinnimh nó aistrithe ualaigh, comhoiriúnacht leis na córais atá ann cheana, ceanglais theicneolaíocha, agus srianta nó rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann;

(b) **anailís airgeadais**: scrúdú a dhéanamh ar an infheistíocht ó thaobh an chinnteora de; díriú ar chostais agus ar thairbhí díreacha airgeadais, praghsanna margaidh a úsáid le haghaidh luachála, agus íocaíochtaí aistritheacha, amhail cánacha agus fóirdheontais, a ionchorprú. Léiríonn an ráta lascaine a chuirtear i bhfeidhm deischostas caipitil an infheisteora. D'fhéadfaí tairbhí inmheánacha níos leithne ([7]) a mheas freisin, amhail táirgiúlacht fheabhsaithe lucht saothair tar éis iarfheistiú foirgnimh oifige, cé gur minic a bhíonn sé dúshlánach iad sin a chainníochtú agus luach airgid a chur orthu le haghaidh cinnteoirí príobháideacha;

(c) **anailís eacnamaíoch**: Peirspictíocht shochaíoch a ghlacadh, na costais eacnamaíocha uile agus na tairbhí níos leithne uile a bhaineann le réiteach éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh na sochaí ina hiomláine a ghabháil; praghsanna eacnamaíocha nó scáthphraghsanna a úsáid le haghaidh luachála agus íocaíochtaí aistrithe a eisiamh. Is éard atá sa ráta lascaine a chuirtear i bhfeidhm tosaíocht ama shochaíoch a mhéid a bhaineann le hairgead agus bíonn sé níos ísle ná an ráta in anailís airgeadais de ghnáth. Leis an gcur chuige sin, breithnítear tairbhí seachtracha níos leithne freisin, lena n-áirítear tionchair chomhshaoil, tionchair sláinte agus tionchair shochaíocha eile nach dtaifeadtar in anailís airgeadais ([8]). Rud atá tábhachtach, i gcomhréir le hAirteagal 3(5), pointe (b), de Threoir (AE) 2023/1791, ba cheart an tionchar ar an mbochtaineacht fuinnimh a chur san áireamh san anailís freisin. Mar shampla, d'fhéadfaí a áireamh san anailís measúnú tiomnaithe ar chostais agus ar thairbhí do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh ar ioncam íseal.

Tá an anailís eacnamaíoch ábhartha go háirithe do phróiseas cinnteoireachta na n-údarás poiblí agus don ról atá acu maidir le leas an phobail a chaomhnú trí impleachtaí sochaíocha níos leithne a ngníomhaíochtaí a mheas.

Bíonn anailís airgeadais ag gabháil le cinntí eintiteas príobháideach de ghnáth, amhail gnólachtaí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, rud a léiríonn a leasanna airgeadais féin, ach amháin i gcás ina gcumhdófaí an costas sochaíoch breise le cistiú poiblí. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar thairbhí seachtracha níos leithne (mar shampla, éifeachtaí ar cháilíocht an aeir), ach is minic gur breithnithe tánaisteacha iad, a d'fhéadfaí a shaothrú ar chúiseanna amhail freagracht shóisialta chorparáideach. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na Ballstáit eintitis phríobháideacha a spreagadh chun tairbhí sochaíocha chomh maith le breithnithe airgeadais a chur san áireamh ina bpróisis chinnteoireachta trí thacaíocht phoiblí a chur ar fáil agus trí bhearta eile (féach freisin Roinn 4.9).

4.3. **Láimhseáil cinntí mórinfheistíochta os cionn na dtairseach a leagtar amach in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2023/1791 agus faoina mbun**

De bhun Airteagal 3(4) de Threoir (AE) 2023/1791, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla faireachán ar chur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh. Mar a shonraítear i Roinn 5 de na treoirlínte seo, ba cheart a áireamh mar chuid de shainchúram na n-údarás inniúil cinneadh a dhéanamh an bhfuil infheistíochtaí os cionn nó faoi bhun na dtairseach a leagtar amach in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2023/1791.

A mhéid a bhaineann le cinntí mórinfheistíochta os cionn na dtairseach (EUR 100 milliún nó EUR 175 mhilliún le haghaidh tionscadail bonneagair iompair), ceanglaítear go sainráite le hAirteagal 3(1) de Threoir (AE) 2023/1791 ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar measúnú ar réitigh éifeachtúlachta fuinnimh. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Roinn 4.2. de na treoirlínte seo.

A mhéid a bhaineann le cinntí mórinfheistíochta faoi bhun na dtairseach, níl aon cheanglas dlíthiúil sainráite i dTreoir (AE) 2023/1791 measúnú a dhéanamh ar réitigh éifeachtúlachta fuinnimh. Mar sin féin, moltar do na Ballstáit an méid sin a dhéanamh aon uair a bhíonn tomhaltas mór fuinnimh ina thoradh ar na cinntí sin.

4.4. **Conas measúnú cuí ar thairbhí níos leithne a áirithiú?**

De bhun Airteagal 3(5), pointe (a), de Threoir (AE) 2023/1791, ceanglaítear ar na Ballstáit modheolaíochtaí costais is tairbhe a chur chun cinn agus a chur ar fáil go poiblí lenar féidir measúnú cuí a dhéanamh ar na tairbhí níos leithne a bhaineann le réitigh éifeachtúlachta fuinnimh.

D'fhéadfaí tairbhí níos leithne a thuiscint mar na tionchair shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíocha a eascraíonn as réitigh éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, ar réitigh iad nach gnóthachain nó caillteanais airgeadais phearsanta láithreacha iad a bhíonn le feiceáil ar bhille fuinnimh.

([7]) Féach Roinn 4.4.
([8]) Féach Roinn 4.4.

Mar a leagtar amach i dTáblaí 4, 5 agus 6, i measc na samplaí de thionchair shóisialta tá an compord laistigh feabhsaithe, laghdú ar an mbochtaineacht fuinnimh, luachanna réadmhaoine feabhsaithe agus laghdú torainn. Is éard atá i gceist le tairbhí comhshaoil laghduithe ar ghéis ceaptha teasa, truailliú aeir agus uisce, giniúint dramhaíola, agus riachtanais talún níos ísle, rud a chuidíonn le caomhnú éiceachóras. Mar thoradh ar thairbhí eacnamaíocha, cruthaítear poist áitiúla, méadaítear táirgiúlacht an lucht saothair, cuirtear feabhas ar an tslándáil fuinnimh, agus spreagtar nuálaíocht agus iomaíochas gnó. Le gach tairbhe, leagtar béim ar thábhacht leathan na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh thar a n-impleachtaí díreacha airgeadais.

D'fhéadfadh na céimeanna seo a leanas a bheith i gceist le measúnú ar na tairbhí níos leithne sin:

(a) **raon feidhme leordhóthanach a áirithiú**: Chun measúnú cothrom a dhéanamh, ní mór na tairbhí ábhartha uile a mheas, agus é á chur san áireamh go scaiptear na tairbhí sin ar fud earnálacha agus gníomhaithe éagsúla go minic. Má thugtar neamhaird ar thairbhí, d'fhéadfadh sé gur measúnú páirteach a bheadh ann. Mar shampla, má dhéantar faillí sa chompord laistigh feabhsaithe agus sna tinnis agus sna básanna anabaí de thoradh iarfheistiú foirgneamh a sheachnaítear, déantar gannmheas ar thorthaí dearfacha na n-iarfheistiú foirgneamh sin;

(b) **cainníochtú in aonaid fhisiceacha**: Ba cheart tionchair a chainníochtú in aonaid fhisiceacha, amhail tonaí truailleán aeir, poist choibhéiseacha lánaimseartha, nó laethanta breoiteachta a sheachnaítear. Soláthraítear leis sin bonn tosaigh chun comparáid a dhéanamh idir roghanna infheistíochta difriúla;

(c) **luach airgid a chur ar na tairbhí**: Is é an modh a mholtar ná tairbhí níos leithne a chuirtear in iúl in aonaid fhisiceacha éagsúla a chomhiomlánú. Tá an próiseas sin casta toisc go mbaineann sé le luach a bhunú le haghaidh tairbhí nach bhfuil aon luach margaidh orthu ar an gcéad amharc. Mar a liostaítear i dTáblaí 4, 5 agus 6, d'fhéadfaí a áireamh i measc na dteicnící maidir le luach airgid a chur ar thairbhí luacháil dhíreach margaidh, toilteanas íoc as cineálacha cur chuige nó glacadh leo ([9]). Maidir le luach airgid a chur ar rudaí, tá sé conspóideach go bunúsach mar gheall ar na castachtaí eiticiúla atá i gceist, amhail luach a chur ar shaol an duine, agus ba cheart é a dhéanamh go cúramach trí mhodhanna láidre a úsáid;

(d) **seiceáil an bhfuil forluí tionchair ann**: D'fhéadfadh forluí a bheith ina thoradh ar chomhiomlánú i dtéarmaí airgeadaíochta. Mar shampla, le hiarfheistiú foirgnimh, cuirtear feabhas ar an gcompord laistigh. Déanann sé sin difear do shláinte agus do tháirgiúlacht an duine, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh ar deireadh do ghnéithe eacnamaíocha amhail ioncam indiúscartha nó buiséad poiblí. Dá gceadófaí forluí, dhéanfaí na tairbhí a chomhaireamh faoi dhó agus dhéanfaí rómheastachán ar ghlantionchair. Chun é sin a sheachaint, d'fhéadfaí cur chuige mapála 'conairí tionchair iomadúla' a úsáid, lena ndéanfaí rianú ar na tairbhí ábhartha uile, ar a n-idirghníomhaíochtaí, agus ar na críochphointí a bhfuil luach airgid le cur orthu ([10]).

Chun tacú leis an bpróiseas measúnaithe sin, forbraíodh uirlisí agus modheolaíochtaí éagsúla chun tairbhí níos leithne a chainníochtú, lena n-áirítear na huirlisí a fuair tacaíocht ón gclár Fís 2020, is iad sin COMBI ([11]), MICAT ([12]), agus Odyssee-Mure ([13]). Tá faisnéis níos mionsonraithe maidir le modhanna cainníochtaithe agus uirlisí tacaíochta le haghaidh tairbhí aonair níos leithne le fáil i bpointe 3.7.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh (AE) 2021/1749. I réimse an iompair, ba cheart lámhleabhar 2019 maidir le costais sheachtracha an iompair (nó na nuashonruithe a dhéanfar air amach anseo) a úsáid ([14]).

([9]) H. Pollitt, E. Alexandri, P. Boonekamp, U. Chewpreecha, A. de Rose, R. Drost, L. Estourgie, C. Farahani, D. Funcke, S. Markkanen, G. Moret, C. Rodenburg, F. Suerkemper, S. Tensen, P. Theillard, J. Thema, P. Vethman, F. Vondung agus M. Voogt, 2016: *The Macroeconomic and Other Benefits of Energy Efficiency. Final Report*. T. Mandel, L. Kranzl agus S. Thomas, 2022: *Energy Efficiency First and Multiple Impacts: integrating two concepts for decision-making in the EU energy system, Deliverable D3.4 of the ENEFIRST project*. F. Suerkemper, F. Vondung, C. Xia-Bauer, J. Teubler, S. Hackspiel, F. Berger, B. Schlomann, W. Eichhammer, F. Wagner, A. DeVita, Z. Vrontisi agus I. Rogulj, 2022: *Overall quantification and monetisation concept, Deliverable 2.1 of the MICAT project*.

([10]) D. Ürge-Vorsatz, S. T. Herrero, N. K. Dubash agus F. Lecocq, 2014: *Measuring the Co-Benefits of Climate Change Mitigation, 39 Annual Review of Environment and Resources 549*, 2014.

([11]) COMBI: *Calculating and Operationalising the Multiple Benefits of Energy Efficiency in Europe* [Na Tairbhí Iomadúla a bhaineann le hÉifeachtúlacht Fuinnimh san Eoraip a Ríomh agus a Oibríochtú], https://combi-project.eu/.

([12]) MICAT: *Multiple Impacts Calculation Tool* [Uirlis Ríomha na dTairbhí Iomadúla], https://micatool.eu/. Is féidir MICATool a úsáid mar áireamhán lena gceadaítear úsáid a bhaint as sonraí dílse (má tá siad ar fáil) nó, seachas sin, as luachanna socraithe réamhshocraithe atá comhoiriúnach le PNFAnna agus/nó le reachtaíocht an Aontais.

([13]) ODYSSEE-MURE https://www.odyssee-mure.eu/data-tools/multiple-benefits-energy-efficiency.html/.

([14]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, Essen, H., Fiorello, D., El Beyrouty, K. et al., *Handbook on the external costs of transport* [Lámhleabhar maidir le costais sheachtracha an iompair] – Leagan 2019 – 1.1, Oifig na bhFoilseachán, 2020, https://data.europa.eu/doi/10.2832/51388.

I gcomhréir le modheolaíochtaí na hanailíse costais is tairbhe ar leibhéal an Aontais ([15]) dá bhforáiltear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]), d'fhéadfadh údaráis rialála náisiúnta modheolaíochtaí iomchuí a shainiú chun anailísí costais is tairbhe a dhéanamh i réimsí sonracha. Más gá, d'fhéadfaí na modheolaíochtaí sin a fhorlíonadh le treoirlínte breise, rud a áiritheoidh anailísí láidre costais is tairbhe lena ndéantar measúnú críochnúil ar na tairbhí níos leithne a bhaineann le réitigh éifeachtúlachta fuinnimh.

Tábla 4

Na tairbhí sóisialta níos leithne a bhaineann le réitigh éifeachtúlachta fuinnimh

Tairbhe	Tuairisc	Cineálacha cur chuige féideartha maidir le cainníochtú agus luach airgid a chur ar rudaí
An compord laistigh	Le córais fheabhsaithe inslithe, téimh agus fuaraithe, d'fhéadfaí timpeallachtaí maireachtála agus oibre a dhéanamh níos compordaí agus d'fhéadfaí feabhas a chur ar chúrsaí sláinte	Tomhais ar an gcompord atá bunaithe ar shuirbhé, a bhféadfaí luach airgid a chur orthu trí choigilteas costais sláinte (modh maidir le toilteanas chun íoc/glacadh) nó trí ghnóthachain táirgiúlachta (modh tosaíochta léirithe)
Bochtaineacht fuinnimh	Trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, d'fhéadfaí cuidiú leis an mbochtaineacht fuinnimh a mhaolú trí fhuinneamh a dhéanamh níos inacmhainne do theaghlaigh ar ioncam íseal	Coigilteas ar bhillí fuinnimh a léirítear in ioncam indiúscartha teaghlach (luacháil dhíreach margaidh)
Luachanna réadmhaoine	D'fhéadfadh luach margaidh níos airde a bheith ar fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh mar gheall ar chostais laghdaithe fuinnimh, comhlíonadh caighdeán náisiúnta agus an compord feabhsaithe	Athrú ar luachanna réadmhaoine, ar a bhféadfaí luach airgid a chur agus sonraí margaidh réadmhaoine á n-úsáid (modh na praghsála héadónaí)
Torann	D'fhéadfadh dearadh agus insliú foirgneamh atá tíosach ar fhuinneamh cuidiú le torann ó fhoinsí seachtracha agus ó chórais inmheánacha araon a laghdú, rud a chuirfeadh feabhas ar dhálaí maireachtála agus oibre. D'fhéadfadh iompar de thalamh agus uiscebhealaí atá tíosach ar fhuinneamh (leictreach agus faoi chumhacht an duine) astaíochtaí torainn a laghdú freisin.	Laghdú torainn atá cainníochtaithe i ndeicibeilí, a bhfuil luach airgid curtha air trí úsáid a bhaint as tionchair luachanna réadmhaoine (modh na praghsála héadónaí) nó coigilteas costais sláinte (modhanna maidir le toilteanas chun íoc/glacadh)

Tábla 5

Na tairbhí comhshaoil níos leithne a bhaineann le réitigh éifeachtúlachta fuinnimh

Tairbhe	Tuairisc	Cineálacha cur chuige féideartha maidir le cainníochtú agus luach airgid a chur ar rudaí
Gáis ceaptha teasa	D'fhéadfadh réitigh éifeachtúlachta fuinnimh an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú, rud as a n-eascraíonn astaíochtaí gás ceaptha teasa níos ísle go minic	Cainníochtaithe i dtonaí de choibhéis CO_2 laghdaithe, ar a bhféadfaí luach airgid a chur trí phraghsáil carbóin a úsáid (luacháil dhíreach margaidh)
Cáilíocht an aeir	Tríd an tomhaltas fuinnimh a laghdú, d'fhéadfaí cuidiú le truailliú aeir ó ghléasraí cumhachta agus ó phróisis thionsclaíocha a laghdú, rud a rachadh chun tairbhe don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol	Cainníochtaithe de réir laghduithe ar thruailleáin, a bhfuil luach airgid curtha orthu trí úsáid a bhaint as costais na dtionchar ar an tsláinte (an modh maidir le costas an damáiste a sheachaint)

([15]) ENTSOG, 2019: *2nd ENTSOG Methodology for Cost-Benefit Analysis of Gas Infrastructure Projects 2018*. ENTSO-E 2018: *2nd ENTSO-E Guideline for Cost Benefit Analysis of Grid Development Projects*, an Bhruiséil, 2018.

([16]) Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/869/oj).

Úsáid uisce	D'fhéadfadh teicneolaíochtaí agus cleachtais atá tíosach ar fhuinneamh cuidiú le húsáid uisce a laghdú, ós rud é gur minic a bhíonn uisce ag teastáil le haghaidh giniúint cumhachta agus próisis táirgthe fuinnimh. D'fhéadfadh strus níos ísle maidir le huisce agus laghdú ar an iomaíocht le haghaidh acmhainní uisce a bheith ina thoradh air sin.	Coigilteas uisce atá cainníochtaithe de réir méide, a bhféadfaí luach airgid a chur air trí úsáid a bhaint as praghsáil uisce (luacháil dhíreach margaidh)
Dramhaíl	D'fhéadfadh laghdú ar ghiniúint dramhaíola a bheith ina thoradh ar an éifeachtúlacht fuinnimh, ós rud é go bhfuil gá le níos lú amhábhar chun fuinneamh a tháirgeadh, agus go dtáirgeann próisis níos éifeachtúla níos lú dramhaíola agus níos lú seachtháirgí.	Laghdú dramhaíola atá cainníochtaithe de réir meáchain/méide, a bhfuil luach airgid curtha air trí úsáid a bhaint as costais diúscartha dramhaíola nó athchúrsála (modh an chostais sheachanta)
Úsáid talún	Trí laghdú a dhéanamh ar an éileamh ar thalamh agus ar acmhainní a bhaineann le táirgeadh fuinnimh, d'fhéadfadh an éifeachtúlacht fuinnimh rannchuidiú le cosaint éiceachóras.	Coigilteas talún atá cainníochtaithe de réir achair, a bhféadfaí luach airgid a chur air trí úsáid a bhaint as luach talún (luacháil dhíreach margaidh) nó luachálacha éicisheirbhísí (modh maidir le toilteanas chun íoc)
An bhithéagsúlacht	D'fhéadfaí cailliúint na bithéagsúlachta a laghdú mar thoradh ar an éifeachtúlacht fuinnimh, ós rud é go bhfuil gá le níos lú amhábhar le haghaidh táirgeadh fuinnimh, lena n-áirítear bithmhais agus óghábhair a bhféadfadh a n-eastóscadh a bheith díobhálach don dúlra.	Fiú má tá méadracht ann cheana féin chun cailliúint na bithéagsúlachta a chainníochtú, níl aon chomhdhearcadh iomlán ann maidir leis na modheolaíochtaí is fearr. Mar sin féin, tá an Coimisiún rannpháirteach i bhforbairt cineálacha cur chuige agus sonraí úsáideacha éagsúla ([1]) ar féidir iad a úsáid sa chomhthéacs sin. Ar a laghad, ba cheart measúnú cáilíochtúil ar bhrúnna agus ar thionchair ar an dúlra a chur chun feidhme.

([1]) Ghlac an Coimisiún Moladh maidir le lorg comhshaoil eagraíochtaí i mí na Nollag 2021, ina bhfuil tagairtí don bhithéagsúlacht (leathanach 27). Chomh maith leis sin, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2023 lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta (IO L, 2023/2772, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2772/oj), tagraítear don bhithéagsúlacht ó leathanach 133 ar aghaidh. Cuntais i dtaca le Caipiteal Nádúrtha agus Seirbhísí Éiceachórais (Cuntais éiceachórais – rannchuidiú an dúlra leis an ngeilleagar agus le folláine an duine a thomhas – Staidreamh arna Mhíniú (europa.eu)) agus obair MAES (Éiceachórais agus a seirbhísí a mhapáil agus a mheasúnú, https://data.jrc.ec.europa.eu/collection/MAES), chomh maith leis na Treoracha maidir le Gnáthóga agus Éin, soláthraítear leo sonraí agus faisnéis ábhartha maidir le héiceachórais, a riocht agus a seirbhísí.

Tábla 6

Na tairbhí eacnamaíocha níos leithne a bhaineann le réitigh éifeachtúlachta fuinnimh

Tairbhe	Tuairisc	Cineálacha cur chuige féideartha maidir le cainníochtú agus luach airgid a chur ar rudaí
Cruthú post	D'fhéadfadh infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh poist áitiúla a chruthú i réimsí amhail an tógáil, an mhonaraíocht agus seirbhísí fuinnimh.	Poist a cruthaíodh, a bhfuil luach airgid curtha orthu trí úsáid a bhaint as sonraí pá (luacháil dhíreach margaidh)
Táirgiúlacht an lucht saothair	D'fhéadfadh áiteanna oibre atá tíosach ar fhuinneamh a bheith ina gcúis le dálaí oibre níos fearr, rud a chuirfeadh borradh faoi tháirgiúlacht na bhfostaithe agus faoi shásamh na bhfostaithe as a bpost.	Gnóthachain táirgiúlachta arna gcainníochtú trí úsáid a bhaint as méadracht feidhmíochta, a bhfuil luach airgid curtha orthu trí úsáid a bhaint as sonraí pá nó aschuir (modh tosaíochta léirithe)
Slándáil fuinnimh	D'fhéadfadh an éifeachtúlacht fuinnimh cuidiú le spleáchas tíre ar fhoinsí fuinnimh allmhairithe a laghdú, rud a chuirfeadh feabhas ar an tslándáil fuinnimh náisiúnta.	Coigilteas fuinnimh atá cainníochtaithe in aonaid fuinnimh, a bhfuil luach airgid curtha air trí úsáid a bhaint as réamhaisnéisí praghsanna fuinnimh (luacháil dhíreach margaidh)
Nuálaíocht agus iomaíochas	Le hinfheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh, d'fhéadfaí nuálaíocht i samhlacha teicneolaíochta agus gnó a spreagadh, rud a chuideodh le cuideachtaí buntáiste iomaíoch a fháil i margaí domhanda.	Tá sé deacair táscairí féideartha a chainníochtú go díreach agus luach airgid a chur orthu, ach áirítear leo an líon paitinní a chomhdaítear, an líon táirgí nua a sheoltar, nó athruithe ar an sciar den mhargadh

4.5. **Conas bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm laistigh agus lasmuigh den earnáil phoiblí agus de na hearnálacha rialáilte?**

Braitheann cur i bhfeidhm praiticiúil bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh ar chomhthéacs na cinnteoireachta agus ar na gníomhaithe lena mbaineann. Cé go bhfuil cur chun feidhme an phrionsabail atá corpraithe i dTreoir (AE) 2023/1791 dílsithe do na Ballstáit, is é líon mór gníomhaithe a dhéanann na cinntí ábhartha maidir le pleanáil, beartas agus infheistíocht.

Ba cheart do **lucht ceaptha beartas** (aireachtaí agus na húdaráis mhaoirseachta ar gach leibhéal rialtais) na príomhfhreagrachtaí éagsúla atá orthu a chur san áireamh agus bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh á chur chun feidhme acu:

(a) athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais atá ann cheana agus atá beartaithe chun a chinneadh an bhfuil siad comhsheasmhach le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, is é sin le rá an gcruthaíonn na dreasachtaí nó na rialacháin cothrom iomaíochta do réitigh éifeachtúlachta fuinnimh agus do bhonneagar traidisiúnta an tsoláthair fuinnimh;

(b) rialáil an mhargaidh fuinnimh a fhorbairt atá cuimsitheach ó thaobh na teicneolaíochta de, is é sin le rá, cuirtear le luach thairbhe na héifeachtúlachta fuinnimh agus na solúbthachta;

(c) cur chun feidhme bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur san áireamh agus aon infheistíocht phoiblí (lena n-áirítear infheistíocht i líonraí) agus aon chistiú poiblí/tacaíocht phoiblí á soláthar do ghníomhaithe margaidh. Más cinneadh mórinfheistíochta os cionn na dtairseach EUR 100 milliún nó EUR 175 mhilliún le haghaidh tionscadail bonneagair iompair í infheistíocht den sórt sin, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndéantar measúnú ar réitigh éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear sula ndeonaítear tacaíocht phoiblí fhéideartha;

(d) pleanáil straitéiseach beartas fuinnimh a fhorbairt lena ndéantar breithniú iomlán ar úsáid na réiteach éifeachtúlachta fuinnimh.

Tá éagsúlacht mhór ann maidir le giaráil na mBallstát ar na gníomhaithe éagsúla ar féidir leo bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme ina gcinntí i ndáiríre. Déantar an t-idirdhealú bunúsach idir gníomhaithe poiblí/rialáilte agus gníomhaithe margaidh (lena n-áirítear gníomhaithe sa mhargadh fuinnimh agus úsáideoirí fuinnimh deiridh ar cheart iad a mheas mar chuid de 'na hearnálacha neamhfhuinnimh'). Déantar achoimre ar raon feidhme na giarála agus ar na príomhuirlisí i bhFíor 1.

Féadfaidh údaráis náisiúnta a iarraidh go díreach ar **eintitis faoi úinéireacht phoiblí nó eintitis rialáilte** bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme ina n-oibríochtaí más gá dóibh a gcinntí pleanála agus mórinfheistíochta a dhéanamh bunaithe ar anailís shochaíoch costais is tairbhe. Ina theannta sin, ciallaíonn cur chun feidhme bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a dhéanann eintitis rialáilte, amhail oibreoirí líonra, solúbthacht ar thaobh an éilimh agus freagairt don éileamh ([17]) a úsáid aon uair is rogha chostéifeachtach é seachas infheistíocht thraidisiúnta i líonraí agus oibriú traidisiúnta líonraí agus aon uair nach ndéanann sé difear diúltach d'iontaofacht agus do shlándáil an chórais fuinnimh. D'fhéadfadh na céimeanna seo a leanas a bheith i gceist le pleanáil agus oibriú líonraí:

(a) treochtaí soláthair-éilimh a shainaithint: measúnú a dhéanamh ar threochtaí fuinnimh (mar shampla, leictriú teasa agus iompair, leictrealóirí, giniúint taobh thiar den mhéadar, etc.) ar bhealach a bhaineann go sonrach le suíomh agus anailís a dhéanamh ar leordhóthanacht an bhonneagair atá ann cheana chun ionchais tomhaltóirí a chomhlíonadh; praghasleaisteachas an éilimh agus an fhéidearthacht atá ann do sholúbthacht éilimh shainráite (inseolta agus trádáilte) agus intuigthe (praghasbhunaithe) araon a chur san áireamh i gceart;

(b) measúnú a dhéanamh ar réitigh ar thaobh an éilimh agus ar thaobh an tsoláthair: staidéir indéantachta a dhéanamh chun inmharthanacht theicniúil agus eacnamaíoch na roghanna uile a chinneadh, lena n-áirítear réitigh ar thaobh an éilimh (mar shampla, ualach solúbtha a sholáthar) i gcomparáid le réitigh ar thaobh an tsoláthair (mar shampla, fostáisiún nua a shuiteáil), lena n-áirítear na costais agus na tairbhí níos leithne a bhaineann leo. Is iondúil go n-áirítear cosaint tomhaltóirí i sainordú na n-údarás rialála náisiúnta agus áirítear leis sin cur chun feidhme an réitigh ar an gcostas is lú a fhorfheidhmítear chun tomhaltóirí a chosaint ar chostas atá inseachanta;

(c) faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na réiteach ar thaobh an éilimh agus ar thaobh an tsoláthair araon chun deiseanna feabhais a shainaithint.

Is monaplachtaí nádúrtha faoi fhormhaoirseacht rialála iad **oibreoirí líonra**. Chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, d'fhéadfaí rialacháin le haghaidh oibreoirí líonra a athchóiriú chun infheistíochtaí i réitigh ar thaobh an éilimh a dhreasú trí dheireadh a chur le claontacht CAPEX agus trí spriocanna feidhmíochta a thabhairt isteach leis na dreasachtaí airgeadais cóngaracha. Ina theannta sin, d'fhéadfaí taraifí líonra a dhearadh ionas go mbeadh an íocaíocht nasctha go príomha le tomhaltas, rud a spreagfadh tomhaltóirí chun níos lú fuinnimh a úsáid.

([17]) Go ginearálta, tugtar *roghanna malartacha neamhshreinge* ar roghanna malartacha freisin.

Déanann **gníomhaithe sa mhargadh fuinnimh** (táirgeoirí, úinéirí stórála, soláthróirí, comhbhailitheoirí etc.) cinntí gnó, bunaithe ar a n-anailís airgeadais féin ([18]), gan formhaoirseacht dhíreach rialála. Mar shampla, díolann soláthróirí fuinnimh fuinneamh le custaiméirí. D'fhéadfaidís rannchuidiú le cur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh trí scéimeanna um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh de bhun Airteagal 9 de Threoir 2023/1791, ar scéimeanna iad ina gceanglaítear orthu éifeachtúlacht fuinnimh críochúsáide saoráide custaiméara a fheabhsú.

Is gníomhaithe margaidh iad **úsáideoirí fuinnimh deiridh** (atá le meas mar chuid de 'na hearnálacha neamhfhuinnimh') ar féidir a ngníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh a mhúnlú go príomha trí chomharthaí praghais agus taraife, agus rialacháin riaracháin amhail rialacháin maidir le táirgí, foirgnimh nó úsáid talún. Déanann siad fuinneamh a tháirgeadh agus a thomhailt (cinntí oibríochtúla) agus infheistíonn siad i sóchmainní fuinnimh éagsúla 'taobh thiar den mhéadar', lena n-áirítear foirgnimh (cinntí infheistíochta). Trí iompraíochtaí coigilte fuinnimh a ghlacadh, infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí agus i gcleachtais atá nasctha le rannpháirtíocht i gcláir freagartha don éileamh, fuinneamh a ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite agus stóráil 'taobh thiar den mhéadar' a úsáid (lena n-áirítear feithiclí leictreacha 'cumhacht go heangach'), d'fhéadfadh tionchar díreach a bheith acu ar an ngá atá le bonneagar ar thaobh an tsoláthair 'os comhair an mhéadair'. Dá gcuirfí bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh i bhfeidhm maidir le húsáideoirí fuinnimh deiridh, chiallódh sé sin dreasachtaí éifeachtacha agus timpeallacht chumhachtaithe a sholáthar dóibh lena gcuirtear ar a gcumas dóibh teicneolaíochtaí agus iompraíochtaí a ghlacadh lena laghdaítear úsáid fuinnimh agus lena dtugtar isteach solúbthacht éilimh. Le timpeallacht chumhachtaithe den sórt sin, ní hamháin go n-áirithítear soláthar dreasachtaí ach áirithítear freisin soláthar ionstraimí iompraíochta agus faisnéise.

Fíor 1

Dréimire giarála maidir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm



I dTábla 7, atá bunaithe ar Mholadh (AE) 2021/1749, moltar bearta ar fud réimsí beartais chun cur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a éascú.

Tábla 7

Réimsí beartais agus samplaí de bhearta chun cur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chumasú sna réimsí beartais sin

An réimse beartais	Rogha beart
Margaí leictreachais	— Praghsáil dhinimiciúil leictreachais — Tacaíocht chun trealamh cliste a shuiteáil — Taraifí líonra atá difreáilte ó thaobh ama de

([18]) Féach Roinn 4.2.

	— Éascú rannpháirtíocht na freagartha don éileamh agus a comhbhailitheoirí sna margaí fuinnimh — Dlús a chur le leathadh amach na gcóras méadraithe chliste — Dreasachtaí rialála nuálacha le haghaidh oibreoirí córas tarchurtha agus oibreoirí córas dáileacháin i bhforbairt líonraí
Soláthar agus dáileadh fuinnimh	— Cásanna comhpháirteacha soláthair-éilimh a fhorbairt le haghaidh pleanáil bonneagair — Ceanglas maidir le hanailís costais is tairbhe a úsáid i bpleanáil líonraí réigiúnacha leictreachais, gáis nó teasa chun na roghanna soláthair agus éilimh fuinnimh is costéifeachtaí a shainaithint — Téamh agus fuarú a chomhtháthú i bpleanáil limistéar uirbeach, tuaithe nó tionsclaíoch — Dramhtheas a athúsáid agus dramhtheas a chomhtháthú i líonraí téimh ceantair
Éileamh ar fhuinneamh (tionscal agus seirbhísí)	— Ceadú saoráidí tionsclaíocha lena ngintear dramhaíl a nascadh leis an bhféidearthacht nascadh le líonraí teasa áitiúla — Íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh — Ceanglais a thabhairt isteach maidir le hacmhainneachtaí freagartha don éileamh — Dímheas cánach méadaithe nó rialacha maidir le dímheas sealadach a thabhairt isteach
Foirgnimh	— Athchóirithe foirgneamh a chur san áireamh i gceantáil foinsí fuinnimh in-athnuaite — Scéimeanna nuálacha maoinithe le haghaidh athchóiriú foirgneamh, lena n-áirítear morgáistí éifeachtúlachta fuinnimh — Ceadú logánaithe foirgneamh a nascadh le hacmhainneacht fuinnimh in-athnuaite — Conarthaí feidhmíochta fuinnimh a úsáid chun gnóthachain ráthaithe éifeachtúlachta fuinnimh a áirithiú — Córais aiseolais maidir le tomhaltas fuinnimh a shuiteáil trí mhéadair chliste agus gairis chliste
Iompar	— Iompar poiblí, rothaíocht agus siúl a dhreasú — Ceannach agus úsáid feithiclí astaíochtaí nialasacha a dhreasú — Soghluaisteacht chomhroinnte a chur chun cinn as a dtagann méadú ar an líon paisinéirí feithicle — An éifeachtúlacht fuinnimh a chur san áireamh agus tionscadail bhonneagair á ndearadh
Uisce	— Bonneagar leictreachais agus uisce a nascadh, mar shampla, trí uisce a chaidéalú nuair a bhíonn an t-éileamh ar leictreachas íseal — Bithmheatán a tháirgeadh ar an láthair i gcóireáil fuíolluisce — Teicnící rialaithe próisis a úsáid ar fud na gcóras uisce chun méideanna fuaraithe uisce le haghaidh táirgeadh fuinnimh a laghdú

Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide	— Logánú lárionad sonraí gar do líonraí teasa a spreagadh — Caighdeáin feidhmíochta fuinnimh córais a leagan síos — Úsáid stóráil ceallraí taobh thiar den mhéadar a chur chun cinn maidir le freagairt don éileamh i macrashuíomhanna 5G — Faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí maidir le héagsúlachtaí tomhaltais fuinnimh na roghanna sruthaithe
An earnáil airgeadais	— Anailís iomlán ar shaolré sócmhainní maidir le lorg fuinnimh agus carbóin na hinfheistíochta a chur i bhfeidhm, agus measúnú á dhéanamh ar chinneadh maoiniúcháin — Uirlisí maidir le cur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt chun cúnamh a thabhairt d'fhorbróirí agus d'úinéirí tionscadail measúnú iomlán a dhéanamh ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh — Meastóireacht a dhéanamh ar chomhpháirteanna glasa agus iad a dhearadh le haghaidh iasachtaí morgáiste traidisiúnta lena ngabhann measúnú ar fheidhmíocht fuinnimh

4.6. **Conas cur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a áirithiú i gcinntí mórinfheistíochta príobháidí?**

Ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndéantar measúnú ar réitigh éifeachtúlachta fuinnimh i gcinntí mórinfheistíochta ([19]). Nuair a bhíonn an tionscadal infheistíochta i gceist faoi úinéireacht phoiblí, d'fhéadfadh na húdaráis fhreagracha, bunaithe ar an anailís, cinneadh a dhéanamh lena n-athrófaí nó lena laghdófaí an tionscadal chun an sochar sóisialta a uasmhéadú.

I gcás infheistíochtaí faoi úinéireacht phríobháideach, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta gníomhaíocht mhalartach a dhéanamh nó d'fhéadfadh sé nach bhfuil sé chun leas an úinéara phríobháidigh. Mar shampla, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag oibreoir gléasra cumhachta gléasra cumhachta gáis nua ar luach os cionn EUR 100 milliún a thógáil, d'fhéadfadh na húdaráis náisiúnta anailís eacnamaíoch (shóisialta) costais is tairbhe a éileamh roimh thógáil an ghléasra. Fiú má léiríonn an anailís costais is tairbhe sin go bhfuil réitigh éifeachtúlachta fuinnimh, amhail solúbthacht ar thaobh an éilimh, níos costéifeachtaí ó thaobh an gheilleagair de ná an gléasra cumhachta, ní bheadh aon dreasacht airgeadais ag an oibreoir gléasra chun stop a chur lena infheistíocht féin agus brabúis fhéideartha a ligean uaidh, ós rud é gurb é giniúint fuinnimh a phríomhchúram gnó, seachas coigilteas.

Dá bhrí sin, seachas bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a fhorchur trí mheasúnuithe sainordaitheacha, ba cheart cinntí príobháideacha maidir le mórinfheistíocht a spreagadh trí dhreasachtaí tiomnaithe beartais chun glacadh réiteach éifeachtúlachta fuinnimh atá costéifeachtach a spreagadh. Le praghsáil carbóin dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2003/87/CE, laghdófar toradh airgeadais na n-infheistíochtaí sin, agus an tráth céanna forfheidhmeofar rochtain neamh-idirdhealaitheach ar an margadh le haghaidh na solúbthachta ar thaobh an éilimh i margaí fuinnimh, cothromúcháin agus acmhainne agus méadófar toradh airgeadais na roghanna malartacha bunaithe ar an tsolúbthacht ar thaobh an éilimh trí phraghsáil leictreachais atá difreáilte ó thaobh ama de a chur in úsáid i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]). Ina theannta sin, le pleanáil inchreidte fuinnimh nó earnála, amhail pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nó pleanáil náisiúnta iompair, d'fhéadfaí faisnéis a thabhairt do chinnteoirí príobháideacha maidir le creataí beartais agus dálaí margaidh intuartha.

4.7. **Conas aghaidh a thabhairt ar an tionchar ar an mbochtaineacht fuinnimh?**

Mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (52), de Threoir (AE) 2023/1791, ciallaíonn bochtaineacht fuinnimh *'easpa rochtana teaghlaigh ar sheirbhísí fuinnimh bunriachtanacha, ar seirbhísí iad lena soláthraítear leibhéil bhunúsacha agus caighdeáin chuibhiúla mhaireachtála agus sláinte […], arb iad teaglaim tosca is cúis léi, lena n-áirítear ar a laghad neamh-inacmhainneacht, d'ioncam indiúscartha neamhleor, do chaiteachas ard ar fhuinneamh agus do dhroch-éifeachtúlacht fuinnimh tithe.'*

Cuirtear i dtábhacht in aithris (23) de bhrollach Threoir (AE) 2023/1791 gur cheart do dhaoine aonair atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh nó atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta tairbhiú de chur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh. Go háirithe, trí *'bhearta éifeachtúlachta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh'* a chur chun cinn, dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe 18, de Rialachán (AE) 2018/1999, is é is aidhm bhunúsach do bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh costais a laghdú agus tairbhí a mhéadú do thomhaltóirí, lena n-áirítear na tomhaltóirí sin a bhfuil tionchar ag an mbochtaineacht fuinnimh orthu. Leis an gcur chuige sin, tugtar aghaidh go díreach ar shaincheisteanna struchtúracha, amhail tithe neamhéifeachtúla, a chuireann leis an mbochtaineacht fuinnimh.

([19]) Féach Roinn 4.2.

([20]) Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/943/oj).

De bhun Airteagal 24(1) de Threoir (AE) 2023/1791, ceanglaítear ar na Ballstáit daoine aonair a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh a chumhachtú agus a chosaint. D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh i measc na mbeart oiriúnach:

(a) réitigh éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn;

(b) tús áite a thabhairt do chistiú poiblí le haghaidh tairbhithe leochaileacha;

(c) cúnamh teicniúil cuimsitheach agus faisnéis a sholáthar;

(d) uirlisí cistiúcháin agus airgeadais a chur in úsáid chun cuidiú le grúpaí leochaileacha leas a bhaint as infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh.

4.8. **Cad iad na hinstitiúidí a d'fhéadfadh gníomhú mar eintitis faireacháin?**

D'fhéadfadh an 'eintiteas' dá dtagraítear in Airteagal 3(5), pointe (c) de Threoir (AE) 2023/1791, mar shampla, a bheith ina eintiteas poiblí (údarás rialála náisiúnta, an aireacht fuinnimh, gníomhaireacht rialtais) nó ina ghníomhaí neamhspleách tríú páirtí ag a bhfuil sainordú sonrach sainráite ón Stát chun an cúram sin a chur i gcrích. Bheadh sé tábhachtach go mbeadh an sainordú institiúideach trasearnálach is gá ag an eintiteas chun 'na heintitis ábhartha' uile dá dtagraítear in Airteagal 3 den Treoir sin agus i Moladh (AE) 2021/1749 a chomhordú. Níor cheart an faireachán a bheith teoranta do na cinntí beartais nua ná do na hinfheistíochtaí nua ach ba cheart measúnú ar an *status quo* a áireamh ann maidir leis na beartais agus na rialacháin ábhartha uile. Cé gur dócha gur rogha thírshonrach a bheidh ann, ag brath ar na hinstitiúidí atá ann cheana agus ar a gcúraimí, soláthraítear roinnt breithnithe ginearálta i dTábla 8:

Tábla 8

Institiúidí ábhartha maidir le hAirteagal 3(4)

Institiúid	Buntáistí
Údarás rialála náisiúnta/ gníomhaireacht fuinnimh náisiúnta	Dírithe ar an bhfuinneamh (gach breosla) agus ar an rialáil; is minic a chuirtear de chúram orthu beartais éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, amhail scéimeanna um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh; taithí maidir le sonraí a bhailiú agus faireachán a dhéanamh orthu
An Aireacht (fuinnimh)	Tionchar díreach na mbeartas ar sholáthar agus éileamh fuinnimh araon; sásraí comhordaithe bunaithe le haireachtaí earnála eile maidir le húsáideoirí fuinnimh deiridh áirithe (earnálacha neamhfhuinnimh)
Comhlacht neamhspleách	Níl aon choinbhleacht leasa ann, acmhainneachtaí daonna ar fáil, taithí thrasearnála

4.9. **Conas cur i bhfeidhm modheolaíochtaí costais is tairbhe a chur chun cinn?**

Le hAirteagal 3(5), pointe (a), de Threoir (AE) 2023/1791, ceanglaítear ar na Ballstáit modheolaíochtaí costais is tairbhe a chur chun cinn go poiblí lenar féidir measúnú cuí a dhéanamh ar na tairbhí níos leithne a bhaineann leis an éifeachtúlacht fuinnimh. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh i measc na dtionscnamh cur chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ann:

(a) **treoirlínte cuimsitheacha a fhorbairt:** D'fhéadfadh na Ballstáit treoirlínte a bhunú maidir le hanailísí costais is tairbhe a dhéanamh lena gceanglaítear tairbhí níos leithne agus peirspictíocht shochaíoch a chur san áireamh, agus tagairt á déanamh do threoirlínte an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 3(6) de Threoir (AE) 2023/1791;

(b) **oiliúint agus fothú acmhainneachta**: D'fhéadfadh na Ballstáit cláir oiliúna agus ceardlanna a eagrú chun eolas agus uirlisí a thabhairt do chinnteoirí, amhail údaráis phoiblí agus oibreoirí líonra, chun anailísí costais is tairbhe a dhéanamh i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh;

(c) **anailís costais is tairbhe a áireamh i gcreataí rialála**: le reachtaíocht agus treoracha beartais, d'fhéadfaí a cheangal go n-úsáidfí anailís costais is tairbhe i bpróisis chinnteoireachta, go háirithe i réimsí a bhaineann le córais fuinnimh;

(d) **comhlachtaí formhaoirseachta neamhspleácha a bhunú**: d'fhéadfadh na comhlachtaí sin athbhreithniú a dhéanamh ar anailísí costais is tairbhe chun a áirithiú go ndearnadh i gceart iad agus go gcomhlíonann siad bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh.

5. **CEANGLAIS TUAIRISCITHE FAOIN gCREAT DLÍTHIÚIL IS INFHEIDHME**

5.1. **Na Pleananna Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a nuashonrú**

De bhun Airteagal 3(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/1999, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na hidirnaisc idir na cúig ghné den Aontas Fuinnimh, go háirithe bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, ina bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFA).

5.2. **Tuairisciú ar dhul chun cinn**

De bhun Airteagal 3(4) de Threoir (AE) 2023/1791, ba cheart d'údaráis inniúla ([21]) faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, i gcás ina bhfuil cinntí beartais, pleanála agus infheistíochta faoi réir ceanglas formheasa agus faireacháin.

Leis an gcreat sonraí chun faireachán a dhéanamh ar bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, d'fhéadfaí cur leis na próisis faireacháin atá ann cheana agus le foinsí sonraí gaolmhara a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2023/1791, Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([22]), Threoir (AE) 2019/944 agus Rialachán (AE) 2019/943.

Go háirithe, le hAirteagal 3(5), pointe (d), de Threoir (AE) 2023/1791, ceanglaítear ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar chur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh ina dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn arna gcur isteach de bhun Rialachán (AE) 2018/1999. Ba cheart dhá ghné ar a laghad a bheith san áireamh sa tuairisciú sin.

Ar an gcéad dul síos, ba cheart a áireamh sna tuarascálacha ar dhul chun cinn measúnú ar chur i bhfeidhm agus ar thairbhí bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh. Chun na críche sin, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as na táscairí faireacháin dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2299 ón gCoimisiún ([23]). Is féidir teacht ar shamplaí de tháscairí faireacháin atá ábhartha maidir le faireachán ar bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2299 agus i measc na samplaí sin tá:

(a) rannchuidiú náisiúnta agus conair tháscach maidir le tomhaltas fuinnimh phríomhúil agus tomhaltas fuinnimh deiridh (Iarscríbhinn IV, Tábla 1);

(b) dul chun cinn i dtreo cuspóirí náisiúnta a bhaineann le rannpháirtíocht tomhaltóirí sa chóras fuinnimh (Iarscríbhinn VI, Tábla 6);

(c) costais agus tairbhí measta agus réadaithe beartas agus beart aonair nó grúpaí beartas agus beart maidir le héifeachtúlacht fuinnimh atá ar fáil (Iarscríbhinn IX, Tábla 5);

(d) tuairisciú ar tháscairí maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh (Iarscríbhinn XIX, Tábla 2).

Ar an dara dul síos, ba cheart a áireamh sna tuarascálacha ar dhul chun cinn liosta beart a glacadh chun bacainní ar chur chun feidhme bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a bhaint, lena n-áirítear sa reachtaíocht náisiúnta. I Roinn 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh (AE) 2021/1749 tugtar forléargas mionsonraithe ar bhearta chun bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm in earnálacha agus réimsí beartais sonracha, a bhfuil liosta neamh-uileghabhálach de ar fáil i dTábla 7 san Iarscríbhinn seo.

([21]) Féach Roinn 4.8.

([22]) Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/31/oj).

([23]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2299 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an struchtúr, an fhormáid, na sonraí teicniúla agus an próiseas le haghaidh na dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn (IO L 306, 25.11.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2299/oj).